Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2019
(OR. en)

14983/19

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 602**
**AGRILEG 216**
**AGRIFIN 88**
**AGRISTR 83**
**AGRIORG 96**
**CODEC 1752**
**CADREFIN 411**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1<br>9634/18 + COR 1 + ADD 1<br>9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | An pacáiste um athchóiriú CBT i ndiaidh 2020<br>a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna ndréachtú ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>c) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>*- Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Is iad na trí Rialachán seo a leanas na tograí le haghaidh athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a bhaineann le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh (CAI) 2021-2027:

- **Rialachán** rí-lárnach **maidir le pleananna straitéiseacha faoi CBT**, lena gcuimsítear íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha in earnálacha éagsúla agus forbairt tuaithe;

- Rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (dá ngairfear feasta: "**An Rialachán Cothrománach**"), lena nuashonraítear agus lena n-ionadaítear an Rialachán atá ann cheana ar a bhfuil an t-ainm céanna;

- An Rialachán maidir le comheagrú na margaí talmhaíochta (CEM), lena leasaítear agus lena dtugtar cothrom le dáta na Rialacháin seo a leanas: (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM), (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus (AE) Uimh. 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha (dá ngairfear feasta: "**An Rialachán leasaitheach**").

2. Sa Chomhairle, faoi <u>Uachtaránacht na Bulgáire,</u> cuireadh tús leis an obair ar thrí cinn de Rialacháin atá á mbeartú tar éis iad a bheith foilsithe ar an 1 Meitheamh 2018, agus lean gach Uachtaránacht ó shin den obair ar na Rialacháin.

3. Léigh Meithleacha freagracha na Comhairle tríd na trí Rialachán atá á mbeartú, agus rinneadh plé breise sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) agus sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh. Ina dhiaidh sin, thíolaic <u>Uachtaránacht na hOstaire</u> an chéad tacar moltaí maidir le dréachtú i leith na dtrí thogra (15058/18 + ADD1, 15046/18, 14195/18); agus thíolaic sí Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le staid na hoibre freisin (15027/18).

4. D'fhonn na Rialacháin atá á mbeartú a ailíniú tuilleadh le tuairimí na mBallstát, lean Uachtaránacht na Rómáine den obair sa Chomhairle agus ina comhlachtaí ullmhúcháin agus thíolaic sí sraith de mholtaí athbhreithnithe i leith dréachtú (lena n-áirítear leaganacha comhdhlúite a leagtar amach i 10103/19 REV1, 10135/19, 7451/1/19 REV 1 + COR 1); agus d'ullmhaigh sí Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le staid na hoibre freisin (10008/19).

5. Ag tógáil ar an obair a rinne na huachtaránachtaí roimpi, rinne Uachtaránacht na Fionlainne na trí Rialachán atá beartaithe a choigeartú tuilleadh chun tuairimí na dtoscaireachtaí sna Meithleacha freagracha, sa CST agus sa Chomhairle a léiriú, agus ba chéim thábhachtach chun cinn eile iad na leasuithe sin. D'fhéach Uachtaránacht na Fionlainne le hinléiteacht agus comhsheasmhacht dhlíthiúil na dtéacsanna a fheabhsú freisin. Leagtar amach leaganacha comhdhlúite de na moltaí athbhreithnithe i leith dréachtú do na trí ghníomh dlí in 14824/19 + ADD 1, 14465/19 agus 14535/19.

6. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt eilimintí de na trí Rialachán atá beartaithe mar chuid den chaibidlíocht chothrománach faoi CAI, agus dá bhrí sin go dteastaíonn comhaontú maidir le CAI chun go mbeidh an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú i ndáil lena seasamh foriomlán maidir leis an bpacáiste um athchóiriú CBT i ndiaidh 2020.

## II. STAID NA hIMEARTHA I LEITH AN RIALACHÁIN MAIDIR LE PLEANANNA STRAITÉISEACHA FAOI CBT

7. D'eagraigh Uachtaránacht na Fionlainne seacht gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (WP HAQ) lenar cumhdaíodh 10 lá oibre ar an iomlán chun an togra a scrúdú tuilleadh, go príomha ar bhonn moltaí maidir le dréachtú ón uachtaránacht agus ionchur ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún. Rinneadh plé domhain maidir le heilimintí sonracha den togra ag 11 chruinniú de chuid CST agus ceithre chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar bhonn páipéir bheartais ón uachtaránacht. Dhírigh Uachtaránacht na Fionlainne go háirithe ar na heilimintí seo a leanas:

**An tsamhail seachadta nua (NDM)**

8. Bunaithe ar an tacaíocht ghinearálta a fuarthas ó na Ballstáit don athrú ó chóras bunaithe ar chomhlíonadh go córas feidhmíochtbhunaithe, rinne Uachtaránacht na Fionlainne tuilleadh forbartha ar an togra chun ábhair imní na mBallstát maidir le cur chun feidhme na samhla seachadta nuaí a chur san áireamh, go háirithe i ndáil le faisnéis chainníochtúil atá le háireamh sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht chun críocha an imréitigh feidhmíochta. Chun an t-ualach riaracháin, an gá le réasúnuithe a chur ar fáil agus an baol go gcaillfí cistí a laghdú, lean an uachtaránacht an obair a thosaigh Uachtaránachtaí na hOstaire agus na Rómáine maidir leis na forálacha a oiriúnú do shainiúlachtaí **idirghabhálacha neamh-limistéarbhunaithe/ainmhíbhunaithe**. Leis na moltaí maidir le dréachtú a pléadh, dhéanfaí laghdú ar an dóchúlacht go mbeadh neamhréir idir na haonadmhéideanna iarbhír agus na haonadmhéideanna pleanáilte, agus ar an gcaoi sin, laghdú freisin ar líon na gcásanna ina mbeadh ar na Ballstáit réasúnuithe a chur ar fáil, rud a ghineann baol go ndéanfaí cistí a laghdú nó a chur ar fionraí. Léirigh an plé a rinneadh sa WP HAQ agus sa CST gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an ábhar seo chun cur chun feidhme rianúil an chórais nua agus úsáid cheart chistí an Aontais a áirithiú. Tá gá freisin le tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir le hábhar sonrach na bPleananna Straitéiseach faoi CBT agus na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, mar aon le machnamh ar mhinicíocht garspriocanna agus an athbhreithnithe ar fheidhmíocht.

9. Baineann deacracht leis na cistí atá le cur i leataobh do na hidirghabhálacha éagsúla a phleanáil roimh ré. Chun dul i ngleic leis an deacracht sin agus chun aghaidh a thabhairt ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann d'acmhainneacht gan a bheith á baint amach go leormhaith nó a bheith á baint amach go hiomarcach, d'fhéach an uachtaránacht leis an **tsolúbthacht airgeadais** a mhéadú. Mhol an uachtaránacht, mar shampla, go gceadófaí do na Ballstáit aonadmhéideanna uasta agus íosta araon a shocrú. Bheadh an moladh sin ábhartha go háirithe i gcás scéimeanna nua, amhail éiciscéimeanna (*féach mír 15 freisin)*, agus don chuid a bhaineann le colún I de scéim na bhfeirmeoirí óga ós rud é go bhfágfadh sé go bhféadfaí na haonadmhéideanna a laghdú i gcás idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad agus na cístí a bheadh ar fáil mar gheall air sin a úsáid do na scéimeanna nua dá mba rud é go raibh siad níos rathúla ná mar a bhíothas ag súil leis. Ina theannta sin, mhínigh an uachtaránacht go soiléir na féidearthachtaí agus na teorainneacha a bheadh ag na Ballstáit maidir le cistí a aistriú idir idirghabhálacha gan a bPlean Straitéiseach faoi CBT a leasú. Thairis sin, thug an Uachtaránacht isteach an fhéidearthacht go dtitfeadh na haonadmhéideanna faoi bhun an íosmhéid faoi choinníollacha áirithe, go háirithe i gcásanna ina mbeadh an leibhéal glactha níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus nach bhféadfaí cístí a aistriú ó idirghabhálacha eile ar íocaíochtaí díreacha iad. Cé gur tacaíodh i gcoitinne leis na moltaí, tá gá le tuilleadh oibre a dhéanamh go háirithe maidir leis an bhféidearthacht cistí a úsáid le haghaidh idirghabhálacha seachas na hidirghabhálacha a bhí beartaithe ar dtús agus le haghaidh idirghabhálacha a cheadófaí inathraitheacht na n-aonadmhéideanna ina leith.

10. Tar éis plé domhain faoi **tháscairí** sa WP HAQ agus sa Ghrúpa Saineolaithe ón gCoimisiún maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT, bhí tuiscint níos fearr ar sheasaimh na mBallstát, rud a chuir ar chumas na huachtaránachta an togra ón gCoimisiún a shoiléiriú agus é a ailíniú tuilleadh le tuairimí na dtoscaireachtaí. Chuir an Coimisiún WP HAQ ar an eolas faoin obair a rinneadh ina Ghrúpa Saineolaithe agus chuir an uachtaránacht na moltaí teicniúla san áireamh d'fhonn feabhas a chur ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra. Tá gá le tuilleadh oibre, áfach, lena n-áirítear comhordú na hoibre idir WP HAQ agus Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin, chun a áirithiú go mbeidh na táscairí oiriúnach dá bhfeidhm agus go mbeidh sé éasca iad a chur i bhfeidhm.

11. Tionóladh **seimineár maidir le Pleanáil Straitéiseach faoi CBT** ar an 4 Nollaig mar thionscnamh comhpháirteach de chuid na huachtaránachta agus an Choimisiúin, chun deis a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún taithí a mhalartú maidir leis an obair ullmhúcháin don CBT nua. Dhírigh an seimineár sin go príomha ar an gcur chuige straitéiseach foriomlán, go háirithe ar an anailís SWOT agus an measúnú ar riachtanais, na naisc leis an loighic idirghabhála, dearadh na n-idirghabhálacha agus ullmhúchán na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT.

**<u>Gnéithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid</u>**

12. Bhí na gnéithe den athchóiriú ar CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ina n-ardtosaíochtaí d'Uachtaránacht na Fionlainne, agus caitheadh dhá chruinniú den Chomhairle (i mí Iúil agus i mí na Samhna) ar an ábhar sin, sa bhreis ar an scrúdú atá á dhéanamh air i gcónaí sa WP HAQ agus sa CST. Thug an uachtaránacht dá haire go raibh na Ballstáit i bhfabhar, i bprionsabal, **uaillmhian níos airde a bheith ann i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid** i gcomparáid leis an tréimhse reatha, ar choinníoll i) go gcuirfí acmhainní airgeadais iomchuí ar fáil don CBT nua; ii) go gcoinneofaí an t-ualach riaracháin chomh híseal agus is féidir, go háirithe maidir leis na rialuithe ar chomhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil; iii) go ndéanfaí dóthain solúbthachta a áirithiú chun an "ailtireacht ghlas" a oiriúnú do riachtanais réigiúnacha agus áitiúla. Beidh gá le tuilleadh plé ar an ábhar nuair a thiocfar ar chomhaontú maidir le CAI.

13. Bhí roinnt plé maidir leis an gcóras **coinníollachta** atá beartaithe, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- **Caighdeáin** áirithe a cheapadh maidir le **talamh a bheith i gcóir mhaith thalmhaíochta agus chomhshaoil** (CMTCanna) in Iarscríbhinn III (go háirithe CMTCanna 1, 2, 7, 8 agus 9) a mheasann an uachtaránacht go bhfuil cothromaíocht bainte amach ina leith. Tá gá le tuilleadh oibre, áfach, maidir le raon feidhme CMTC 9 agus a choinníollacha, a bhfuil tionchar acu ar an sainmhíniú ar "heicteár incháilithe" - *féach mír 17*);

- Go bhféadfaí roinnt de na **ceanglais reachtúla bhainistíochta** (CRBanna) a bhaineann le sainaithint agus clárú ainmhithe a scriosadh san Iarscríbhinn chéanna. Tá tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir leis an tsaincheist sin, go príomha i bhfianaise an tionchair ar fheirmeoirí a chuirfí pionóis riaracháin orthu mar gheall ar neamhchomhlíonadh neamhshuntasach na gceanglas agus i bhfianaise an ualaigh a bhaineann le rialú na gceanglas sin ar riaracháin náisiúnta;

- An **Uirlis Comhairleach Feirme i ndáil le Cothaithigh**, a cuireadh isteach sa togra ón gCoimisiún mar CMTC 5 i dtosach ach a bhog Uachtaránacht na hOstaire go hAirteagal 13 ('Seirbhísí comhairleacha feirme'). Ar an 29 Deireadh Fómhair, tionóladh ceardlann a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus Uachtaránacht na Fionlainne chun príomhghnéithe teicniúla na huirlise sin a phlé. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit go bhféadfaí uirlisí eile atá ann cheana a úsáid, mar rogha ar an uirlis comhairleach feirme i ndáil le cothaithigh, ach d'iarr formhór na mBallstát go lú na mionsonraí a bheadh san fhoráil sin.

14. Saincheist ríthábhachtach eile ba ea ar cheart d'**fheirmeoirí beaga** leas a bhaint as aon mhaolú ar choinníollacht nó ar a laghad as na rialuithe agus na pionóis ghaolmhara. Cé nach raibh na toscaireachtaí ar aon tuairim maidir le moladh ó roinnt Ballstát go mbeadh díolúine iomlán ó rialuithe agus ó phionóis, bhí comhaontú ginearálta ann gur gá foráil a dhéanamh maidir le córas "níos éadroime" rialuithe agus pionós riaracháin comhréireach de ghrá na simplíochta, mar a mhol an uachtaránacht (Airteagail 84 agus 85 den Rialachán Cothrománach). Ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an rogha seo toisc go bhfeadfaí teacht ar chomhréiteach ina leith gan cur isteach ar uaillmhian chomhshaoil agus aeráide an bheartais atá le teacht.

15. Thug an uachtaránacht dá haire spéis fhorleathan na mBallstát sna féidearthachtaí a bhaineann le **héiciscéimeanna**. Bhí roinnt plé maidir leis an ionstraim nua sin, inar díríodh go háirithe ar an méid seo a leanas:

- Carachtar éigeantach nó roghnach na n-ionstraimí, a bhfuil tuairimí éagsúla ag na toscaireachtaí ina leith fós;

- Na deacrachtaí a bhaineann leis na hionstraimí nua sin a phleanáil roimh ré ós rud é go gceapann na Ballstáit go bhféadfadh caillteanas cistí teacht dá mbeadh glacadh iomarcach (nó neamhleor) ag feirmeoirí le héiciscéimeanna;

- Thug an uachtaránacht soiléiriú ar na moltaí a rinneadh roimhe seo maidir le tacaíocht a chur ar fáil ní hamháin in aghaidh an heicteáir ach in aghaidh an aonaid bheostoic freisin, agus maidir le cead a thabhairt an costas idirbhirt a chumhdach; ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí na moltaí sin.

16. Mhol an uachtaránacht go ndéanfaí **céatadán aonair nó méid socraithe** faoi bhuiséad iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT a chur in ionad an 30 % ar a laghad den chaiteachas a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid (CETFT), (agus imfhalú a choinneáil, ag an am céanna, le haghaidh idirghabhálacha sna scéimeanna torthaí agus glasraí, *féach mír 19*). Is é is aidhm don mholadh sin uaillmhian chomhshaoil níos airde a áirithiú agus solúbthacht na mBallstát a mhéadú ag an am céanna maidir le conas é a bhaint amach le hidirghabhálacha éagsúla. Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí an cur chuige sin ag Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh mhí na Samhna, agus mheas siad gur bonn iomchuí é don phlé, ach chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádas isteach nó d'iarr siad tuilleadh faisnéise sula dtiocfaidh siad ar a dtuairim deiridh. Dá bhrí sin, measann an uachtaránacht go bhféadfaí tuilleadh plé a dhéanamh ar an moladh sin agus ba cheart obair theicniúil a dhéanamh le go mbeifí in ann é a chur chun feidhme. Ní fhéadfar an céatadán iarbhír (nó an méid socraithe) a shocrú áfach go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an gcéad CAI eile. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar conas a áirithiú nach n-áiritheofar sa liosta idirghabhálacha a chuirtear san áireamh don chéatadán iarbhír nó don mhéid socraithe ach na hidirghabhálacha lena ndírítear ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide, agus conas a áirithiú go mbainfear amach an céatadán nó an méid socraithe cistiúcháin.

**Eilimintí eile**

17. Tar éis plé leathan ar roinnt sainmhínithe agus coinníollacha, thíolaic an uachtaránacht moltaí nua maidir le dréachtú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát. Ba iad seo a leanas na sainmhínithe is mó a pléadh: "fhíorfheirmeoir", inar mhol an uachtaránacht an cur i bhfeidhm deonach a choinneáil agus é a fhágáil do na Ballstáit coincheap an 'fhíorfheirmeora' a chinneadh iad féin ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach; "féarthailte buana", áit ar coinníodh cur chuige bunaithe ar an Rialachán Omnibus; "heicteár incháilithe", áit ar mhol an uachtaránacht raon feidhme an sainmhínithe a leathnú chun go n-áireofaí limistéir áirithe atá chun leasa an chomhshaoil, amhail gnéithe tírdhreacha nó gnéithe neamhtháirgiúla a chumhdaítear faoi CMTC 9 nó limistéir a thagann faoi éiciscéimeanna, ar choinníoll nach gcuirtear isteach ar an ngníomhaíocht talmhaíochta.

18. Maidir leis na **cineálacha idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha**, leis na moltaí ón uachtaránacht maidir le dréachtú, d'fhágfaí go mbeadh na Ballstáit in ann tacaíocht a spriocdhíriú níos fearr de réir riachtanais na mBallstát. Rinneadh moltaí breise i ndáil le híocaíochtaí na bhfeirmeoirí óga, agus mhol an uachtaránacht go dtabharfaí an tsolúbthacht do na Ballstáit uasmhéid heicteár in aghaidh an fheirmeora óig a shocrú. Maidir le **tacaíocht ioncaim chúpláilte**, bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit, agus dá bhrí sin tá an chuma ar an téacs mar atá sé faoi láthair go bhfuil sé cothrom.

19. Ba iad seo a leanas na príomhathruithe ar chineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe:

- Liosta iata earnálacha a chumhdófar faoi idirghabhálacha do "earnálacha eile" a bheidh le háireamh mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán;

- Bhí plé substaintiúil ag teastáil maidir le raon feidhme na bhfoirmeacha comhair faoi "earnálacha eile" (Airteagal 60a) agus chuir an uachtaránacht cur chuige malartach i láthair chun tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí táirgeoirí nó do chomharchumainn nár aithníodh go fóill mar eagraíochtaí táirgeoirí. Thacaigh tromlach na mBallstát leis an gcur chuige sin agus is fiú é a bhreithniú tuilleadh;

- Gné atá fós á plé is ea an céatadán tacaíochta faoi na scéimeanna torthaí agus glasraí atá le himfhálú do chuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid.

20. Maidir leis na cineálacha idirghabhálacha le haghaidh **forbairt tuaithe**, tar éis an phlé a rinneadh sa CST agus sa WP HAQ, mhol an uachtaránacht athruithe a bhfuil an chuid is mó de na toscaireachtaí sásta leo. Áiríodh leo sin, an deis tacú le haonaid seachas heicteáir faoi "ghealltanais áirithe maidir leis an gcomhshaol, an aeráid agus faoi ghealltanais áirithe eile bainistíochta" agus feirmeacha beaga a fhorbairt sa bhreis ar thacaíocht nuathionscanta d'fheirmeoirí óga agus do ghnólachtaí tuaithe. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh plé a dhéanamh ar ghnéithe eile, go háirithe déine na cabhrach le haghaidh infheistíochtaí, na heisceachtaí maidir le ceannach talún agus infheistíochtaí in uisciú.

21. Rinne an uachtaránacht anailís freisin ar na **eilimintí riaracháin** a bhaineann leis an togra, go háirithe na gnéithe sin ina ndéantar tagairt do struchtúr rialachais an Phlean Straitéisigh faoi CBT, chun freagairt a thabhairt ar chúis imní na dtíortha réigiúnaithe ar mian leo go mbeadh páirt ag údaráis bhainistíochta réigiúnacha in ullmhú agus i gcur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT. D'fhéadfaí go mbeadh gá fós le tuilleadh oibre a dhéanamh ar na heilimintí sin chun dea-rialachas na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT a áirithiú.

22. Rinne an uachtaránacht forálacha maidir le **hionstraimí airgeadais** a nuashonrú lena áirithiú go mbeidís i gcomhréir leis na hathruithe a tugadh isteach ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus le Rialachán InvestEU. Mar sin féin, is gá filleadh ar na forálacha sin nuair a bheidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna cobhsaithe a dhóthain.

23. I ndlúthchomhar le Seirbhís Dlí na Comhairle, d'athbhreithnigh an uachtaránacht na cásanna **ina dtugtar cumhacht don Choimisiún** chun a gcuspóir beacht a shoiléiriú agus, i gcás inar gá, a raon feidhme a athshainiú agus na príomhghnéithe atá le háireamh sa reachtaíocht thánaisteach a shonrú.

## III. STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN COTHROMÁNACH

24. Maidir leis an **Rialachán Cothrománach atá á bheartú** agus le linn Uachtaránacht na Fionlainne, tháinig Meitheal AGRIFIN le chéile cúig huaire agus scrúdaigh sí na saincheisteanna seo a leanas go háirithe: Cur chuige iniúchóireachta aonair agus Seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún (Airteagail 46 & 47); Grinnscrúdú idirbhearta (Airteagail 74-83); Idirghabhálacha neamh-limistéarbhunaithe agus neamh-ainmhíbhunaithe sa tsamhail seachadta nua; Pacáiste bliantúil imréitigh agus imréiteach feidhmíochta bliantúil sa tsamhail seachadta nua; Airteagail atá ábhartha maidir leis an tsamhail seachadta nua (Airteagail 8, 38-40, 52) agus an nós imeachta Comhréireachta (Airteagal 53). Ar bhonn an phlé sin, chuir an uachtaránacht téacs ón uachtaránacht i dtoll a chéile maidir leis an Rialachán Cothrománach atá á bheartú (14465/19), ina léirítear na moltaí uile maidir le dréachtú a rinneadh faoi Uachtaránacht na hOstaire[1], Uachtaránacht na Rómáine[2] agus Uachtaránacht na Fionlainne[3]. Ba dhíol sásaimh don CST[4] i gcoitinne an téacs sin agus an nóta cumhdaigh a bhí ag gabháil leis ina mínítear príomh-shaincheisteanna agus seasaimh na dtoscaireachtaí.

---

1 Féach WK 13742/2018.
2 Féach WK 6442/2019 REV 1.
3 Is féidir mínithe ar na moltaí maidir le dréachtú sin a fháil in 13478/19 agus 14111/1/19 REV 1.
4 Féach tuarascáil 14465/19 maidir le staid na himeartha

25. Aontaíonn na toscaireachtaí, tríd is tríd, leis na leasuithe sin ar an togra ón gCoimisiún ar an tuiscint nach féidir seasamh críochnaitheach a ghlacadh maidir leis an téacs go dtí go mbeidh comhaontú ann maidir le CAI, nuair a bheidh scrúdú déanta ar iarmhairtí fhriotal dheiridh na bhforálacha ábhartha i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT atá á mbeartú ar na forálacha comhfhreagracha sa Rialachán Cothrománach, agus ar an gcoinníoll go mbeidh an comhaontú maidir leis an Rialachán Cothrománach mar chuid den chomhaontú foriomlán maidir leis na trí thogra reachtacha i ndáil le CBT i ndiaidh 2020.

**<u>Saincheisteanna sonracha sa Rialachán Cothrománach</u>**

26. Maidir leis na forálacha nua sa Rialachán Cothrománach, atá ábhartha i gcomhthéacs na samhla seachadta nuaí[5], díríodh an plé a rinneadh faoi Uachtaránacht na Fionlainne go príomha ar ábhar an **phacáiste bhliantúil imréitigh** agus ar an nós imeachta maidir le **himréiteach feidhmíochta bliantúil**. I ndáil leis sin, leasaíodh Airteagail 38 agus 39 maidir le **híocaíochtaí a chur ar fionraí** agus Airteagal 52 maidir leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil sa Rialachán Cothrománach atá á bheartú go dtí go gcríochnófar na hAirteagail ábhartha a bhaineann le NDM i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT ag WP HAQ, amhail Airteagal 121 maidir le tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht agus Airteagal 121a maidir le hathbhreithniú leathbhliantúil ar fheidhmíocht. Measann roinnt toscaireachtaí freisin go bhféadfaí go mbeadh gá le tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar Airteagal 8 maidir le **gníomhaireachtaí íocaíochta** agus comhlachtaí comhordúcháin, ar Airteagal 40 maidir le hÍocaíochtaí a chur ar fionraí i ndáil le heasnaimh sna **córais rialachais** agus ar Airteagal 53 maidir leis an **nós imeachta comhréireachta** a luaithe a bheidh an plé maidir le hAirteagail a bhaineann le NDM i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT tugtha chun críche.

---

5 Féach páipéir leathoifigiúla de chuid an Choimisiúin WK 10172/2019 agus WK 10731/2019.

27. Maidir leis an **gcur chuige iniúchóireachta aonair** (Airteagal 46), iarrann roinnt toscaireachtaí fós go ndéanfaí an cur chuige iniúchóireachta aonair a leagan amach ar bhealach níos soiléire sa Rialachán maidir le tiomantas an Choimisiúin muinín a chur in obair na **gComhlachtaí Deimhniúcháin** agus ar an gcaoi a mbeadh na **seiceálacha a dhéanann an Coimisiún** á dteorannú go hiarbhír dá bharr sna Ballstáit (Airteagal 47) i gcomparáid leis an staid reatha, a mheastar go ginearálta go bhfuil ualach riaracháin ag baint leis do lucht riaracháin agus do na tairbhithe araon[6]. D'fhéadfaí léargas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair a chur chun feidhme ag tráth níos déanaí in Aithrisí an Rialacháin nó i ráiteas ón gCoimisiún, mar a mhol roinnt toscaireachtaí.

28. Rinneadh leasú suntasach ar an gCaibidil sa Rialachán Cothrománach maidir le **grinnscrúdú idirbheart** (Airteagail 74-83) i gcomhréir leis an mian a bhí ag líon mór toscaireachtaí **go ndéanfaí í a shimpliú** agus urraim á tabhairt ag an am céanna don éileamh ó líon comhionann toscaireachtaí forálacha a choimeád sa bhunghníomh **lena n-áirithítear timpeallacht iomchuí rialaithe**, lena n-áirítear maidir le doiciméid tráchtála agus cúnamh frithpháirteach. Féachann an téacs mar atá sé anois le costais agus ualach riaracháin na mBallstát a íoslaghdú a mhéid is féidir agus ba cheart féachaint air mar chomhréiteach idir an Chaibidil seo a scriosadh go hiomlán agus na forálacha arna moladh ag an gCoimisiún a choimeád. Mar sin féin, ba mhian le roinnt toscaireachtaí go bhféachfaí le tuilleadh simpliúcháin a bhaint amach maidir le grinnscrúdú.

---

6 Féach míniú ar oibleagáidí an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an bhuiséid agus ar a chuid tuairimí maidir leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair: WK 9669/2019 agus WK 5888/2019.

29. Rinneadh scrúdú sa bhreis ag an Meitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta ar na forálacha atá á mbeartú maidir leis an **gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe** (CCRR) (Airteagail 63-73) agus i ndáil leis an **gcóras rialaithe agus na pionóis maidir le coinníollacht** (Airteagail 84-87). I gcomparáid leis an téacs comhdhlúite a bhí ann roimhe seo den Rialachán Cothrománach atá á bheartú (10135/2019), thug Uachtaránacht na Fionlainne roinnt athruithe breise isteach sna caibidlí sin den Rialachán Cothrománach, a bhféadfadh na toscaireachtaí glacadh leo den chuid is mó. Is é is príomhchúis leis na hathruithe a tugadh isteach sa Chaibidil maidir le CCRR soiléiriú breise a thabhairt sa téacs ach d'fhéadfadh sé gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla de CCRR (Airt. 64) agus den chóras aitheantais do tháirgí talmhaíochta (Airt. 66). Is amhlaidh atá sé do na hathruithe a tugadh isteach sa Chaibidil i ndáil leis an gCóras rialaithe agus pionóis maidir le coinníollacht (Airteagail 84 agus 85). In Airteagal 86 maidir leis an **bPionós a ríomh** i gcás ina sáraítear rialacha coinníollachta, tugadh isteach leasuithe le go bhféadfaí na pionóis a ghrádú, ag brath ar na hiarmhairtí a bhí ag an neamhchomhlíonadh ar chuspóirí a bhaint amach agus ar atarlú. I ngeall ar an modhnú sin scriosadh an córas réamhrabhaidh coinníollachta. Maidir leis an gcóras rialaithe don choinníollacht (Airt. 84) agus do phionóis (Airt. 85), níl na toscaireachtaí ar aon intinn go fóill maidir leis an tsaincheist faoi na díolúintí a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheirmeoirí beaga. D'fhéadfadh sé gur ghá na forálacha sin a bhreithniú tuilleadh chomh maith leis an bpionós a chur i bhfeidhm agus a ríomh (Airt. 86(2a)), agus an coincheap "iarmhairtí neamhshuntasacha".

30. Is gá scrúdú sa bhreis a dhéanamh ar ghnéithe áirithe a bhaineann le Gníomhaireachtaí Íocaíochta agus comhlachtaí comhordúcháin (Airteagal 8), cumhachtaí an Choimisiúin (Airteagail 45 & 50), agus an Córas rialaithe coinníollachta (Airteagal 84). In Airteagal 8, baineann an méid sin leis an téacs breise lena moltar tarscaoileadh ginearálta ón oibleagáid **líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe** a shrianadh, ar téacs é nach bhfuil fónta ar chúiseanna dlíthiúla. In Airteagail 45 agus 50, agus mar a cheanglaítear le hAirteagal 290 CFAE, is gá **cuspóirí, inneachar, raon feidhme agus ré chumhachtú an Choimisiúin** a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe ná mar atá faoi láthair. Ar deireadh, mar a thugtar faoi deara in Airteagal 84, ba cheart comhsheasmhacht úsáid na **dtéarmaí "cabhair", "tacaíocht" agus "íocaíochtaí "** a sheiceáil tríd síos sa Rialacháin ag tráth iomchuí. Ar deireadh, ba cheart é a thabhairt ar aird nár athdhréachtaigh Meitheal AGRIFIN na **saincheisteanna seo a leanas a bhaineann le CAI** (an téacs idir lúibíní mar a thugtar air) mar go bhfuil siad faoi raon feidhme na Meithle Ad Hoc maidir le CAI: Airteagal 14 maidir leis an **gCúlchiste talmhaíochta**; Airteagal 15 maidir le **Smacht airgeadais** (lena n-áirítear an tairseach EUR 2000 a cuireadh le hAirt. 15(1)); Airteagal 29 maidir le **Socruithe réamh-mhaoinithe**; agus Airteagal 32 maidir le **Saoradh uathoibríoch** na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT.

## IV. <u>STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN LEASAITHEACH</u>

31. Áirítear sa "Rialachán Leasaitheach" leasuithe ar chúig rialachán:

- Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta;
- Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí;
- Rialachán (AE) Uimh 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe;

- Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas; agus

- Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht ar mhaithe leis na hoileáin Aeigéacha bheaga.

32. Tar éis an phlé a rinneadh le linn Uachtaránacht na hOstaire agus na Rómáine, chomhaontaigh formhór na dtoscaireachtaí ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle "Talmhaíocht agus Iascach" i mí Dheireadh Fómhair leis an measúnú a rinne Uachtaránacht na Fionlainne go raibh téacs an Rialacháin Leasaithigh cobhsaí den chuid is mó. Mar sin féin, theastaigh ó roinnt toscaireachtaí an plé a leathnú chuig saincheisteanna nach n-áirítear sa togra ón gCoimisiún (e.g. don idirghabháil phoiblí).

33. Dá bhrí sin, níor tionóladh ach cruinniú amháin den Mheitheal le linn Uachtaránacht na Fionlainne. Tháinig an Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta le chéile ar an 25 Deireadh Fómhair 2019. Bhí an plé dírithe ar shaincheisteanna a bhaineann le lipéadú fíona: na rialacha maidir le lipéadú iad féin (Airteagal 119 agus Airteagal 122 den Rialachán maidir le CEM) agus na rialacha maidir le seiceálacha agus pionóis i ndáil le lipéadú (Airteagal 90a) araon.

34. I bhfianaise an phlé maidir le **lipéadú fíona**, rinne an uachtaránacht forálacha ábhartha Rialachán 1308/2013 a mhodhnú mar seo a leanas:

- an friotal atá in Airteagal 89(1) de Rialachán 1306/2013 faoi láthair a thabhairt ar ais in Airteagal 90(0a), agus aithris 19a a leathnú lena soiléiriú gur féidir fíon a chur ar ais ar an margadh má dhéantar lipéad nach bhfuil i gcomhréir leis na rialacha a cheartú; agus

- a shoiléiriú sna rialacha maidir le lipéadú in Airteagal 119 nach bhfuil feidhm ag an rogha chun liosta na gcomhábhar a chur ar fáil trí mheán leictreonach maidir le hailléirginí agus nár cheart go mbaileofaí ná go rianófaí sonraí na dtomhaltóirí a cheadaíonn na liostaí sin agus nár cheart go mbeadh ábhar margaíochta dírithe orthu.

- riail idirthréimhseach a chur le hAirteagal 6 maidir leis na stoic fíona atá ann cheana.

35. Rinne an uachtaránacht dhá athrú ar fhorálacha eile freisin chun iarrataí neamhchonspóideacha ó thoscaireachtaí a shásamh:

- aon débhríocht a sheachaint, an tagairt atá fágtha do cháilíocht chaighdeánach biatais siúcra a bhaint d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán 1308/2013; agus
- ainmníocht díolacháin nua le haghaidh deochanna cumhraithe de bhunadh fíona - Wino ziołowe (fíon luibhe) - a chur leis an liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 251/2014.

36. Laistigh de CST, ba dhíol sásaimh don chuid is mó do na toscaireachtaí an téacs ó Uachtaránacht na Fionlainne. D'fhéadfadh tromlach na dtoscaireachtaí glacadh leis na modhnuithe go léir a moladh maidir le lipéadú fíona.

37. Thapaigh roinnt toscaireachtaí an deis lena dheimhniú go raibh saincheisteanna ina gcúis imní dóibh i gcónaí áit nach raibh athruithe molta ag an uachtaránacht ar an téacs dlíthiúil, go háirithe an méid seo a leanas: an ról atá ag eagraíochtaí táirgeoirí, líontáin sábhála faoi fhorálacha an mhargaidh e.g. bearta chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa mhargadh agus na himchlúdaigh airgeadais do na scéimeanna scoile. Beidh gá leis na saincheisteanna sin a phlé in 2020, a luaithe a bheidh seasamh Pharlaimint na hEorpa níos soiléire.